C/2024/4488

11.7.2024

Nuashonrú ar an liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([1])

(C/2024/4488)

An liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([2]), foilsítear an liosta sin ar bhonn na faisnéise a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 39 de Chód Teorainneacha Schengen.

Chomh maith lena fhoilsiú san *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá nuashonrú rialta ar fáil ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile.

LIOSTA DE CHEADANNA CÓNAITHE ARNA nEISIÚINT AG NA BALLSTÁIT

AN OSTAIR

Le cur in ionad an liosta a foilsíodh in IO C, C/2023/1609, 22.12.2023.

Ceadanna cónaithe de bhun Airteagal 2(16)(a) de Chód Theorainneacha Schengen:

I. Ceadanna cónaithe arna n-eisiúint de réir na formáide aonfhoirmí a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle

— Cead cónaithe le 'cruthúnas ar bhunaíocht' i bhfoirm cárta ID1 de réir na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír (arna eisiúint san Ostair idir an 1 Eanáir 2003 agus an 31 Nollaig 2005).

— Cead cónaithe i bhfoirm ghreamáin de réir na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír (arna eisiúint san Ostair idir an 1 Eanáir 2005 agus an 31 Nollaig 2005).

— Ceadanna cónaithe a thagann faoi scáth 'údarú bunaíochta' (*Niederlassungsbewilligung*), 'ball teaghlaigh' (*Familienangehörige*), 'buanchónaí - AE' (*Daueraufenthalt-EG*), 'buanchónaí - ball teaghlaigh' (*Daueraufenthalt-Familienangehöriger*) agus 'údarú cónaithe' (*Aufenthaltsbewilligung*), i bhfoirm cárta ID1 de réir na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír (arna eisiúint san Ostair ón 1 Eanáir 2006).

  Tugtar le fios ar an gcead 'údarú cónaithe' (*Aufenthaltsbewilligung*) an chríoch shonrach a bhí le heisiúint an cheada.

  Féadfar cead 'údarú cónaithe' (*Aufenthaltsbewilligung*) a eisiúint le haghaidh na gcríoch seo a leanas: aistriú ionchorparáide (ICT), oibrí ar postú, duine féinfhostaithe, cásanna speisialta fostaíochta, dalta scoile, soláthraí seirbhísí sóisialta, athaontú teaghlaigh. Tá ceadanna 'údarú cónaithe' (*Aufenthaltsbewilligung*) chun críche aistrithe ionchorparáide ('ICT' agus 'ITC soghluaiste') á n-eisiúint ón 1 Deireadh Fómhair 2017. Tá ceadanna 'údarú cónaithe' (*Aufenthaltsbewilligung*) 'mac léinn' ('*Student*'), 'saorálaí' agus 'taighdeoir soghluaiste' á n-eisiúint ón 1 Meán Fómhair 2018.

  Bhí ceadanna 'údarú cónaithe' (*Aufenthaltsbewilligung*), 'mac léinn' ('*Studierender*') á n-eisiúint go dtí an 31 Lúnasa 2018.

([1]) Féach liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo ag deireadh an nuashonraithe seo.
([2]) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

Féadfar an cead cónaithe ‘údarú bunaíochta’ (*Niederlassungsbewilligung*) a eisiúint gan sonraí breise nó chun na gcríoch seo a leanas: gan aon ghníomhaíocht shochrach agus spleách. Ón 1 Deireadh Fómhair 2017, féadfar ceadanna ‘údarú bunaíochta’ (*Niederlassungsbewilligung*) a eisiúint i gcomhair na gcatagóirí seo a leanas freisin: ‘taighdeoir’, ‘ealaíontóir’ nó ‘cásanna speisialta fostaíochta’.

Eisíodh ceadanna cónaithe ‘Údarú bunaíochta’ (*Niederlassungsbewilligung*) san Ostair go dtí an 30 Meitheamh 2011 i gcomhair na gcatagóirí seo a leanas: ‘oibrí bunriachtanach’, ‘neamhtheoranta’ agus ‘teoranta’.

Eisíodh ceadanna ‘Buanchónaí - AE’ (*Daueraufenthalt-EG*) agus ‘buanchónaí - ball teaghlaigh’ (*Daueraufenthalt-Familienangehöriger*) san Ostair go dtí an 31 Nollaig 2013.

Eisíodh ceadanna ‘údarú cónaithe’ (*Aufenthaltsbewilligung*) chun críocha Alt 69a den Acht Bunaíochta agus Cónaithe (NAG) san Ostair go dtí an 31 Nollaig 2013.

Chomh maith leis sin, eisíodh ceadanna ‘Údarú cónaithe’ (*Aufenthaltsbewilligung*) d’oibrithe rothlaithe post, ealaíontóirí agus taighdeoirí go dtí an 30 Meán Fómhair 2017.

— An ‘cárta dearg-bán-dearg’ (*Rot-Weiß-Rot-Karte*), an ‘cárta dearg-bán-dearg plus’ (*Rot-Weiß-Rot-Karte plus*) agus an ‘cárta gorm AE’ (*Blaue Karte EU*) i bhfoirm an chárta ID1 de réir na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír (arna n-eisiúint san Ostair ón 1 Iúil 2011).

— Ceadanna ‘Buanchónaí - AE’ (*Daueraufenthalt- EU*) de réir na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír (arna n-eisiúint san Ostair ón 1 Eanáir 2014).

— In ‘Airteagal 50 CAE’ (‘Artikel 50 EUV’), déantar foráil maidir le náisiúnaigh na Breataine agus a mbaill teaghlaigh a thagann faoi scáth an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar (cuireadh tús leis an eisiúint aan 1 Eanáir 2021). D’fhéadfaí stádas cónaitheora fhádtéarmaigh (Daueraufenthaltsrecht) a léiriú ar an gcead agus/nó gur eisíodh an cead do bhall teaghlaigh (Familienangehöriger)

— Tá ceadanna ‘ceart cónaithe plus’ (‘*Aufenthaltsberechtigung plus*’) arna n-eisiúint de réir Alt 55(1) nó Alt 56(1) den Acht Tearmainn a leagtar amach in Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire I Uimh. 100/2005 de réir iarfhorálacha Alt 41(a)(9) agus Alt 43(3) den Acht Bunaíochta agus Cónaithe (NAG) a leagtar amach in Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire I Uimh. 38/2011. Arna eisiúint san Ostair ón 1 Eanáir 2014.

— Tá an cead ‘ceart cónaithe’ (*Aufenthaltsberechtigung*) a eisíodh de réir Alt 55(2) nó Alt 56(2) den Acht Tearmainn a leagtar amach in Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire I Uimh. 100/2005 ar comhréir leis an iarchead ‘údarú bunaíochta’ (*Niederlassungsbewilligung*) a eisíodh de réir Alt 43(3) agus (4) den Acht Bunaíochta agus Cónaithe (NAG) a leagtar amach in Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire I Uimh. 38/2011. Arna eisiúint san Ostair ón 1 Eanáir 2014.

— Trasuíonn an cead ‘ceart cónaithe ar fhorais cosanta speisialta’ (‘*Aufenthaltsberechtigung aus besonderem Schutz*’) a eisíodh de réir Alt 57 den Acht Tearmainn atá leagtha amach in Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire I Uimh. 100/2005 forálacha Threoir 2004/81/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an gcead cónaithe arna eisiúint do náisiúnaigh tríú tír ar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine iad nó a bhí faoi réir gníomhaíocht chun imirce neamhdhleathach a éascú, a chomhoibríonn leis na húdaráis inniúla. Ba í an fhoráil réamhtheachtaí Alt 69(a)(1) den Acht Bunaíochta agus Cónaithe (NAG) a leagtar amach in Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire I Uimh. 38/2011. Arna eisiúint san Ostair ón 1 Eanáir 2014.

— ‘*Aufenthaltskarte*’: an cead cónaithe lena dtugtar ceart cónaithe san Aontas i gcomhair níos mó ná trí mhí do bhaill teaghlaigh le saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de bhun Threoir 2004/38/CE (arna eisiúint san fhormáid seo ón 1 Iúil 2020)

— *‘Daueraufenthaltskarte*’ an cárta buanchónaithe a úsáidtear chun ceart buanchónaithe san Aontas i gcomhair níos mó ná cúig bliana do bhall teaghlaigh le saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de bhun Threoir 2004/38/CE a dhoiciméadú (arna eisiúint san fhormáid seo ón 1 Iúil 2020)

II. **Ceadanna cónaithe nach gá, de bhun Threoir 2004/38, iad a eisiúint san fhormáid aonfhoirmeach (arna n-eisiúint san fhormáid seo go dtí an 30 Meitheamh 2020)**

— Níl an cead cónaithe lena dtugtar ceart cónaithe san Aontas i gcomhair níos mó ná trí mhí do bhaill teaghlaigh le saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de bhun Threoir 2004/38/CE ar comhréir leis an bhformáid chaighdeánach i Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh náisiúnach tríú tír

— Níl an cárta buanchónaithe chun Ceart pobail buanchónaithe i gcomhair níos mó ná trí mhí do bhaill teaghlaigh le saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de bhun Threoir 2004/38/CE a dhoiciméadú ar comhréir leis an bhformáid chaighdeánach i Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír

Doiciméid eile a thugann teidlíocht don sealbhóir cónaí san Ostair nó an Ostair a athiontráil (de bhun Airteagal 2(16)(b) de Chód Theorainneacha Schengen:

— Doiciméad aitheantais le grianghraf i bhformáid chárta do dhaoine atá i dteideal pribhléidí agus díolúintí i ndath dearg, buí, gorm, glas, donn, liath agus oráiste, arna eisiúint ag an Aireacht Chónaidhme um an Eoraip, Imeascadh agus Gnóthaí Eachtracha.

— Doiciméad aitheantais le grianghraf i bhformáid chárta do dhaoine atá i dteideal pribhléidí agus díolúintí i ndath fionnliath le tagairt do na catagóirí datha seo a leanas: dearg, oráiste, buí, glas, gorm, corcra, donn agus liath, arna eisiúint ag an Aireacht Chónaidhme um an Eoraip, Imeascadh agus Gnóthaí Eachtracha.

— 'Duine atá i dteideal stádas tearmainn' de bhun Alt 3 d'Acht Tearmainn 2005 nó na forálacha a bhí luaite ina réamhtheachtaithe – doiciméadaithe i nDoiciméad Taistil Coinbhinsiúin (arna eisiúint san Ostair ón 28 Lúnasa 2006) de ghnáth nó cárta do dhaoine atá i dteideal tearmainn de bhun Alt 51(a) d'Acht Tearmainn 2005 (arna eisiúint le haghaidh náisiúnach eachtrach a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ón 15 Samhain 2015 agus ar bronnadh an stádas seo orthu ón 1 Meitheamh 2016).

— 'Duine ag a bhfuil stádas cosanta coimhdí' de bhun Alt 8 d'Acht Tearmainn 2005 nó na forálacha a bhí ina réamhtheachtaithe - doiciméadaithe go ginearálta ar chárta do dhaoine ag a bhfuil stádas cosanta coimhdí de bhun Alt 52 d'Acht Tearmainn 2005.

— Liosta de rannpháirtithe turas scoile laistigh den Aontas Eorpach de réir bhrí Chinneadh ón gComhairle an 30 Samhain 1994 maidir le gníomhaíocht chomhpháirteach a bhaineann le saoráidí taistil do dhaltaí scoile ó thríú tíortha atá ina gcónaí i mBallstát.

— 'Deimhniú ar chónaí dlíthiúil de bhun Alt 31(1)(5) den Acht Póilíneachta Eachtrannach (FPG)' / 'Iarratas ar shíneadh de bhun Alt 2(4)(17a) den Acht Póilíneachta Eachtrannach (FPG)', i dteannta le doiciméad taistil bailí.

— Cead fostaíochta de bhun Alt 32c den Acht Fostaíochta Eachtrannach (*Ausländerbeschäftigungsgesetz*) i dteannta le víosa 'D' bailí nó éagtha i gcomhair oibrithe séasúracha nó de bhun Alt 22a den Acht Póilíneachta Inimirce (*Fremdenpolizeigesetz* - FPG), arna eisiúint ag an Ostair.

— Cead cónaithe éiginnte - arna eisiúint i bhfoirm gnáthvíosa faoi Alt 6(1)(1) d'Acht Eachtrannach 1992 (FrG) (arna eisiúint go dtí an 31 Nollaig 1995 ag údaráis intíre na hOstaire agus oifigí ionadaíocha i bhfoirm stampa).

— Cead cónaithe i bhfoirm ghreamáin ghlais suas go dtí Uimh. 790.000.

— Cead cónaithe i bhfoirm ghreamáin ghlais agus bháin ó Uimh. 790.001 ar aghaidh.

— Cead cónaithe i bhfoirm ghreamáin de réir Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 97/11/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 1996, Iris Oifigiúil L 7 de 10 Eanáir 1997, a bhaineann le formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe (arna eisiúint san Ostair idir an 1 Eanáir 1998 agus an 31 Nollaig 2005).

— 'Deimhniú ar an gceart dul isteach san Ostair de bhun Alt 24 den Acht Bunaíochta agus Cónaithe (NAG) nó Alt 59 den Acht Tearmainn' i bhfoirm ghreamáin ghlais agus ghoirm.

— ‘Deimhniú ar iarratas de réir Airteagal 18 (1)(b) den Chomhaontú um Tharraingt Siar’ (‘Bestätigung über die Antragstellung gemäß Art. 18 Abs. 1 des Abkommens über den Austritt des Vereinigten Königreichs Großbritannien und Nordirland aus der Europäischen Union und der Europäischen Atomgemeinschaft (Austrittsabkommen) arna eisiúint ar pháipéar slándála i bhFormáid A4 ag tosú an 4 Eanáir 2021

— Cead fostaíochta (Beschäftigungsbewilligung) de bhun Alt 4c (1) den Acht Fostaíochta Eachtrannach (Ausländerbeschäftigungsgesetz)

— Deimhniú díolúine (Befreiungsschein) de bhun Alt 4c (2) den Acht Fostaíochta Eachtrannach (Ausländerbeschäftigungsgesetz)

LICHTINSTÉIN

Le cur in ionad an liosta a foilsíodh in IO C 126, 12.4.2021, lch. 1.

Ceadanna cónaithe Lichtinstéin do shaoránaigh AE/LEE agus na hEilvéise

— Bewilligung in Briefform (BiB) (Cead trí litir) (cead fostaíochta ar bhonn laethúil nó seachtainiúil, bailíocht: 180 lá ar a mhéad laistigh de 12 mhí)

— Aufenthaltstitel L (Kurzaufenthaltsbewilligung) (Cead gearrthéarmach, bailíocht: 12 mhí ar a mhéad)

— Aufenthaltstitel B (Aufenthaltsbewilligung) (Cead cónaithe, bailíocht: 5 bliana ar a mhéad)

— Aufenthaltstitel C (Niederlassungsbewilligung) (Cead socraíochta, sprioc-am athbhreithniú na bailíochta: 5 bliana ar a mhéad)

— Aufenthaltstitel D (Daueraufenthaltsbewilligung) (Cead buanchónaithe, sprioc-am athbhreithniú na bailíochta: 10 mbliana ar a mhéad)

Ceadanna cónaithe Lichtinstéin do náisiúnaigh tríú tír

1. **Ceadanna cónaithe formáide aonfhoirmí de réir Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002:**

— Aufenthaltstitel L für Drittstaatsangehörige (Cead le haghaidh fanacht ghearrthéarmach, bailíocht: 3 mhí ar a laghad, 12 mhí ar a mhéad)

— Aufenthaltstitel B für Drittstaatsangehörige (Cead le haghaidh fanacht fhadtéarmach, bailíocht: 12 mhí ar a mhéad)

— Aufenthaltstitel C für Drittstaatsangehörige (Cead le haghaidh buanchónaí, sprioc-am athbhreithniú na bailíochta: 3 bliana ar a mhéad)

2. **Ceadanna cónaithe a eisítear do náisiúnaigh tríú tír ar baill teaghlaigh de shaoránaigh AE/LEE nó de shaoránaigh den Eilvéis iad (ceart chun saorghluaiseachta):**

— Aufenthaltstitel L für Drittstaatsangehörige (Cead le haghaidh fanacht ghearrthéarmach do náisiúnaigh tríú tír ar baill teaghlaigh de shaoránaigh AE/LEE nó de shaoránaigh den Eilvéis iad (ceart chun saorghluaiseachta), bailíocht: 12 mhí ar a mhéad)

— Aufenthaltstitel B für Drittstaatsangehörige (Cead le haghaidh fanacht fhadtéarmach do náisiúnaigh tríú tír ar baill teaghlaigh de shaoránaigh AE/LEE nó de shaoránaigh den Eilvéis iad (ceart chun saorghluaiseachta), bailíocht: 5 bliana ar a mhéad)

— Aufenthaltstitel C für Drittstaatsangehörige (Cead le haghaidh buanchónaí do náisiúnaigh tríú tír ar baill teaghlaigh de shaoránaigh den Eilvéis iad (ceart chun saorghluaiseachta), sprioc-am athbhreithniú na bailíochta: 5 bliana ar a mhéad)

— Aufenthaltstitel D für Drittstaatsangehörige (Cead le haghaidh buanchónaí do náisiúnaigh tríú tír ar baill teaghlaigh de shaoránaigh AE/LEE iad (ceart chun saorghluaiseachta), sprioc-am athbhreithniú na bailíochta: 10 mbliana ar a mhéad)

3. **Ceadanna cónaithe ábhartha eile do náisiúnaigh tríú tír**

— Ausländerausweis S / Livret pour étrangers S / Libretto per stranieri S [Cárta Cosanta Sealadach S] i bhformáid leabhráin ina luaitear 'Ausländerausweis / Livret pour étrangers / Libretto per stranieri S' [Cárta Cosanta Sealadach], arna eisiúint do dhaoine ón Úcráin a bhfuil cosaint de dhíth orthu ó bhí an 16 Márta 2022 (seanleabhrán)

— Ausweis für Schutzbedürftige S / Cárta Cosanta Sealadach S i bhformáid leabhráin (Cárta Cosanta Sealadach S), arna eisiúint do dhaoine ón Úcráin a bhfuil cosaint de dhíth orthu ó bhí an 16 Márta 2022 ann (leabhrán nua)

4. **Liosta na ndaoine atá ag glacadh páirt i dturas scoile laistigh den Aontas Eorpach.**

Liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo

IO C 247, 13.10.2006, lch. 1.
IO C 77, 5.4.2007, lch. 11.
IO C 153, 6.7.2007, lch. 1.
IO C 164, 18.7.2007, lch. 45
IO C 192, 18.8.2007, lch. 11.
IO C 271, 14.11.2007, lch. 14.
IO C 57, 1.3.2008, lch. 31.
IO C 134, 31.5.2008, lch. 14.
IO C 207, 14.8.2008, lch. 12.
IO C 331, 31.12.2008, lch. 13.
IO C 3, 8.1.2009, lch. 5.
IO C 64, 19.3.2009, lch. 15.
IO C 198, 22.8.2009, lch. 9.
IO C 239, 6.10.2009, lch. 2.
IO C 298, 8.12.2009, lch. 15.
IO C 308, 18.12.2009, lch. 20.
IO C 35, 12.2.2010, lch. 5.
IO C 82, 30.3.2010, lch. 26.
IO C 103, 22.4.2010, lch. 8.
IO C 108, 7.4.2011, lch. 7.
IO C 157, 27.5.2011, lch. 5.
IO C 201, 8.7.2011, lch. 1.
IO C 216, 22.7.2011, lch. 26.
IO C 283, 27.9.2011, lch. 7.
IO C 199, 7.7.2012, lch. 5.
IO C 214, 20.7.2012, lch. 7.
IO C 298, 4.10.2012, lch. 4.
IO C 51. 22.2.2013, lch. 6.
IO C 75. 14.3.2013, lch. 8.
IO C 77, 15.3.2014, lch. 4.
IO C 118, 17.4.2014, lch. 9.
IO C 200, 28.6.2014, lch. 59.
IO C 304, 9.9.2014, lch. 3.
IO C 390, 5.11.2014, lch. 12.
IO C 210, 26.6.2015, lch. 5.
IO C 286, 29.8.2015, lch. 3.
IO C 151, 28.4.2016, lch. 4.
IO C 16, 18.1.2017, lch. 5.
IO C 69, 4.3.2017, lch. 6.
IO C 94, 25.3.2017, lch. 3.
IO C 297, 8.9.2017, lch. 3.
IO C 343, 13.10.2017, lch. 12.
IO C 100, 16.3.2018, lch. 25.
IO C 144, 25.4.2018, lch. 8.
IO C 173, 22.5.2018, lch. 6.
IO C 222, 26.6.2018, lch. 12.
IO C 248, 16.7.2018, lch. 4.
IO C 269, 31.7.2018, lch. 27.
IO C 345, 27.9.2018, lch. 5.
IO C 27, 22.1.2019, lch. 8.
IO C 31, 25.1. 2019. lch. 5.
IO C 34, 28.1.2019, lch. 4.
IO C 46, 5.2.2019, lch. 5.
IO C 330, 6.10.2020, lch. 5.
IO C 126, 12.4.2021, lch. 1.
IO C 140, 21.4.2021, lch. 2.
IO C 150, 28.4.2021, lch. 5.
IO C 365, 10.9.2021, lch. 3.
IO C 491, 7.12.2021, lch. 5.
IO C 509, 17.12.2021, lch. 10.
IO C 63, 7.2.2022, lch. 6.
IO C 272, 15.7.2022, lch. 4
IO C 304, 9.8.2022, lch. 5.
IO C 393, 13.10.2022, lch. 10.
IO C 72, 28.2.2023, lch. 44.
IO C 274, 3.8.2023, lch. 6.
IO C, C/2023/260, 19.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/260/oj.
IO C, C/2023/1408, 5.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1408/oj.
IO C, C/2023/1609, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1609/oj.
IO C, C/2024/1212, 31.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1212/oj.
IO C, C/2024/1950, 6.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1950/oj.